CEACHT 31

AN BRICFEASTA



A. Cleachtadh a thabhairt ar chuid den fhoclóir a bhaineann le béilí,
m.sh. bord, cupán, ag ithe, ag ól, etc.

Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,
m.sh. Suigh ag an mbord, a Úna.
Suífidh mé.
Céard a rinne tú?
Shuigh mé ag an mbord.

B. Cloisteáil, Aithint, Aithris

Bunchomhrá

Tá Colm agus Nuala ag an mbord. Tá Colm ag ithe calóga. Tá Nuala ag ithe aráin. Tá siad ag ól tae. Tá cupán agus pláta ar an mbord.

C. Cleachtadh

Cé atá ag an mbord?
Cá bhfuil Nuala?
Céard/Cad atá Colm a dhéanamh?
Céard atá Nuala a dhéanamh?
Céard/Cad atá ar an mbord?

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,
m.sh. Tá Colm **ag an mbord/ag an doras/ag an gcófra,** etc.
Tá siad **ag ól tae/ag ól bainne/ag ól uisce,** etc.

D. Leathnú

(a) **Amhrán** (An ceol ar théip)

I

Ó féach ar an mbord,
Ó féach ar an mbord,
Tá siúcra is bainne
Ar an mbord.

II

Ó féach ar an mbord,
Ó féach ar an mbord,
Tá Colm is Nuala,
Ag an mbord.

(b) **Comhrá** faoi bhéilí na leanaí.